Cuairt an Uachtaráin ar Bhairéin

Ceist 1: Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thuras an Uachtaráin go Bairéin.
Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan na ceisteanna seo a phlé leis an duine an aice leat.

Cén ról atá ag an Uachtarán?
An bhfuil Máire Mhic Giolla Íosa sásúil mar Uachtarán?
An bhfuil sé tábhachtach Uachtarán a bheith againn, nó an cur amú airgid é?

Ceist 2: Déan iarracht an crosfhocal thíos a chomhlíonadh. Tá sé bunaithe ar théarmaíocht a luaitear sa tuairisc. Beidh na leideanna as Béarla agus na freagraí as Gaeilge.



Trasna	**Anuas**
3. Middle East, (4,8)	1. Palace, (5)

4. Museum, (10) 6. President, (9) 8. Seventh, (7) 10. Area, (7) 11. Economic, (12) 12. Tie, (7) 13. Special Guest, (3,10)	2. Education, (9) 5. Manuscript, (13) 7. Occasion, (5) 9. Husband, (4.5)

Ceist 3 Freagair na ceisteanna thíos trí éisteacht arís leis an mír.

1) Céard a dúirt an tUachtarán a chaithfimid a dhéanamh?
2) Cé a chur fáilte oifigiúil roimh an Uachtarán?
3) Cá bhfuil Bairéin go díreach?
4) Cé a bhí i dteannta an Uachtaráin ag an iarsmalann?
5) Cén cineál lámhscríbhinní a bhí le feiceáil san iarsmalann?
6) Cén aois lena mbaineann an lámhscríbhinn is sine san iarsmalann?

Ceist 4: **'Ár seacht ndícheall**'

Cén fáth a gcuirtear urú ar 'dícheall'?
Bain triail as na samplaí seo a leanas

1. Ocht (bord).
2. Trí (cathaoir).
3. Deich (bróg).
4. Seacht (teach).
5. Naoi (cinn).
6. Dhá (mála) dhéag.
7. Sé (cigire).
8. Míle (liathróid).

Ceist 5: Líon na bearnaí leis an leagan ceart 'Éire' 'Éireann' nó 'Éirinn'.

1) Tá muintir na ____ sásta le Máire Mhic Giolla Íosa mar Uachtarán.
2) Tá fadhbanna sóisialta ag méadú in ____ le deich mbliana anuas.
3) Tá ____ suite in aice na Breataine.
4) Tá cultúr na ____ an-fhaiseanta le blianta beaga anuas
5) Is oileán í ____.
6) Bhí foireann na ____ ag imirt in aghaidh na Fraince Dé Satharn seo caite.
7) Chuaigh sí go ____ anuraidh.

Ceist 6: Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa
An gceapann tú go bhfuil ceangal láidir idir Éirinn agus Bairéin? An fiú dúinn an ceangal seo a láidriú? Cén tionchar a bheidh ag an turas seo ar Éirinn nó ar mhuintir na hÉireann?

Treoracha agus freagraí

Ceist 1: Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Ceist 2: **Trasna**

3. Meán Oirthear
4. Iarsmalann
6. Uachtarán
8. Seachtú
10. Ceantar
11. Eacnamaíocht
12. Ceangal
13. Aoi Speisialta

Anuas

1. Pálás
2. Oideachas
5. Lámhscríbhinn
7. Ócáid
9. Fear Céile

Ceist 3: 1) Dúirt an tUachtarán go gcaithfimid ár seacht ndícheall a dhéanamh ar son na hÉireann agus ar son na heacnamaíochta.
2) Chuir Rí Hamad fáilte oifigiúil roimh an Uachtarán.
3) Tá Bairéin suite amach ó chósta na hAraibe Sádaí.
4) Bhí an Dochtúir Martin McAleese i dteannta an Uachtaráin ag an iarsmalann.
5) Bailiúchán de lámhscríbhinní an Qur'an a bhí le feiceáil san iarsmalann.
6) Téann an lámhscríbhinn is sine siar go dtí an seachtú haois.

Ceist 4 Cuirtear urú ar na hainmfhocail tar éis na huimhreacha 7, 8, 9, 10.
1) Ocht mbord.
2) Trí chathaoir.
3) Deich mbróg.
4) Seacht dteach.
5) Naoi gcinn.
6) Dhá mhála dhéag.
7) Sé chigire.
8) Míle liathróid.

Ceist 5
1) hÉireann
2) Éirinn
3) Éire
4) hÉireann
5) Éire
6) hÉireann
7) hÉirinn

Ceist 6 Is féidir leo na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó mar ghrúpa.

<u>Éimear Ní Chonaola</u>
Dúirt a tUachtarán, Máire Mhic Giolla Íosa go gcaithfimid ár seacht ndícheall a dhéanamh cúrsaí eacnamaíochta a láidriú in Éirinn. Rinne sí a cuid cainte le linn a cuairte ar Bhairéin sa Mheán Oirthear. Beidh sí sa

Mheán Oirthear go dtí Déardaoin. Tá Caoimhe Ní Chonchoille ina cuideachta ansin.

Caoimhe Ní Chonchoille
Is é an Rí Hamad a chuir fáilte oifigiúil roimh an Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa go dtí a phálás i mBairéin, oileán ata lonnaithe amach ó chósta na hAraibe Sádaí[1] sa Mheán Oirthear, ina gcónaíonn seacht gcéad caoga míle duine. Seo an chéad uair don Uachtarán a bheith ar cuairt sa tír agus táthar ag súil nasc níos láidre a chruthú idir an dá thír ó thaobh na polaitíochta de, na heacnamaíochta de agus i dtaca leis an oideachas.

Máire Mhic Giolla Íosa, Uachtarán.
Tá fadhbanna go leor le[1] heacnamaíocht na hÉireann agus tá orainn ár seacht ndícheall a dhéanamh ar son na hÉireann agus ar son na heacnamaíochta[2] … cúrsaí eacnamaíochta a láidriú agus tá ceangal iontach láidir idir Éirinn agus an ceantar seo i mBairéin le fada an lá.

Caoimhe Ní Chonchoille
Tugadh an tUachtarán agus a fear céile, An Dochtúir Martin McAleese go hiarsmalann Beta Koran inniu chomh maith, ina bhfuil bailiúchán de lámhscríbhinní an Qur'an agus taispeánadh an lámhscríbhinn is sine atá acu don Uachtarán a théann siar go dtí an seachtú haois.
I measc na n-Eagraíochtaí Éireannacha ata lonnaithe anseo i mBairéin, tá Cumann Gnó Éireannach Bairéin a bunaíodh dhá bhliain ó shin. Beidh an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa ina haoi speisialta ag ócáid a bheidh á reáchtáil acusan anocht i gcuideachta le Fiontraíocht Éireann.[4]

Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4, i mBairéin.

[1] na hAraibe Sádacha sa tuairisc
[2] Leis a deirtear sa tuairisc
[3] An Eacnamaíocht a deirtear sa tuairisc
4 Fiontar Éireann sa tuairisc